

Ceacht a Seacht
Lesson Seven

Cad a d'ith tú inniu?
What did you eat today?

Leathanach 1
Page 1

1. Cuir siúcra sa chaife.
Ná cuir siúcra sa chaife.
Cuirigí siúcra sa chaife.
Ná cuirigí siúcra sa chaife.
Put sugar in the coffee.
Don't put sugar in the coffee.
Y'all put sugar in the coffee.
Y'all don't put sugar in the coffee.
2. Cad a chuir tú sa chaife?
Chuir mé siúcra ann.
What did you put in the coffee?
I put sugar in it.
3. Ar chuir tú siúcra sa chaife?
Chuir. Chuir mé siúcra ann.
Níor chuir. Níor chuir mé siúcra ann.
Did you put in the coffee?
Yes. I put sugar in it.
No. I didn't put sugar in it.
4. Cad a chuireann tú i do chuid chaife?
An gcuireann tú siúcra i do chuid chaife?
Cuireann. Cuireann mé siúcra ann.
Ní chuireann. Ní chuireann mé siúcra ann.
What do you put in your coffee?
Do you put sugar in your coffee?
Yes. I put sugar in it.
No. I don't put sugar in it.
5. Ith an t-úll seo.
Ná h-ith an t-úll sin.
Ithigí na h-úlla.
Ná h-ithigí na h-úlla.
Eat this apple.
Don't eat that apple.
Y'all eat the apples.
Don't eat the apples.
6. Cad a d'ith tú inniu?
Cad a d'ith tú ar maidin?
Cad a d'ith tú don bhricfeasta?
Cad a d'ith tú don lón?
Cad a d'ith tú don dinnéar?
D'ith mé arán le h-im.
Níor ith mé rud ar bith.
What did you eat today?
What did you eat in the morning?
What did you eat for breakfast?
What did you eat for lunch?
What did you eat for dinner?
I ate bread with butter.
I didn't eat anything.
7. Ar ith tú ceapaire inniu?
D'ith. D'ith mé ceapaire.
Níor ith. Níor ith mé ceapaire.
Did you eat a sandwich today?
Yes. I ate a sandwich.
No. I didn't eat a sandwich.
8. Cé a d'ith ceapaire inniu?
D'ith mise ceann inniu.
D'ith Seán ceann.
Who ate a sandwich today?
I ate one today.
John ate one.
9. An itheann tú úll ar maidin?
An itheann tú úll gach lá?
Itheann. Itheann mé úll gach lá.
Ní itheann. Ní itheann mé úlla riamh.
Cad a itheann tú don bhricfeasta?
Itheann mé úll don bhricfeasta.
Do you eat an apple in the morning?
Do you eat an apple every day?
Yes. I eat an apple every day.
No. I don't ever eat apples.
What do you eat for breakfast?
I eat an apple for breakfast.

Ceacht a Seacht
Lesson Seven

Cad a d'ith tú inniu?
What did you eat today?

Leathanach 2
Page 2

10. Ól an t-uisce.
Ná h-ól an t-uisce.
Ólaigí an t-uisce.
Ná h-ólaigí an t-uisce.
Drink the water.
Don't drink the water.
Y'all drink the water.
Y'all don't drink the water.
11. Cad a d'ól tú inniu?
Ar ól tú caife inniu?
D'ól. D'ól mé caife inniu.
Níor ól. Níor ól mé caife inniu.
What did you drink today?
Did you drink coffee today?
Yes. I drank coffee today.
No. I didn't drink coffee today.
12. Cad a ólann tú ar maidin?
An ólann tú caife ar maidin?
Ólann. Ólann mé caife gach maidin.
Ní ólann. Ní ólann mé caife ar maidin.
What do you drink in the morning?
Do you drink coffee in the morning?
Yes. I drink coffee every morning.
No. I don't drink coffee in the morning.

Comhrá 1

A: Dia duit.
Conas tá tú?
B: Dia is Muire duit.
Tá mé go maith, ach tá tart orm.
A: An ólann tú caife?
B: Ólann, ach d'ól mé caife cheana inniu.
A: Ar mhaith leat cupán tae?
B: Ba mhaith, le do thoil.
A: An gcuireann tú siúcra i do chuid tae?
B: Cuireann.
Cuireann mé siúcra agus bainne ann.
A: An bhfuil ocras ort?
B: Tá.
Níor ith mé aon rud go fóill.
A: An itheann tú feoil?
B: Ní itheann.
An bhfuil aon rud eile agat?
A: Tá ceapaire cáise agam.
Ar mhaith leat é sin?
B: Ba mhaith, go raibh maith agat.
A: Seo duit.
Cupán tae agus ceapaire cáise.
B: Go raibh míle maith agat.
A: Tá fáilte romhat.

Conversation 1

Hello.
How are you?
Hello.
I'm fine, but I'm thirsty.
Do you drink coffee?
Yes, but I drank coffee already today.
Would you like a cup of tea?
Yes, please.
Do you put sugar in your tea?
Yes.
I put sugar and milk in it.
Are you hungry?
Yes.
I didn't eat anything yet.
Do you eat meat?
No.
Do you have anything else?
I have a cheese sandwich.
Would you like that?
Yes, thank you.
Here you are.
A cup of tea and a cheese sandwich.
Thank you very much.
You're welcome.